



FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

Is roghanna iad foinsí fuinnimh in-athnuaite (cumhacht ghaoithe, cumhacht ghréine, fuinneamh aigéin, fuinneamh geoiteirmeach, bithmhais agus bithbhreoslaí) ar bhreoslaí iontaise a rannchuidíonn le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, le soláthar fuinnimh a laghdú agus le spleáchas ar mhargaí luaineacha breosla iontaise, go háirithe ola agus gás, a laghdú. Tá athrú suntasach tagtha ar reachtaíocht AE maidir le cur chun cinn foinsí in-athnuaite le blianta beaga anuas. In 2009, leag ceannairí AE sprioc síos go mbeadh sciar 20% de thomhaltas fuinnimh AE ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh faoi 2020. In 2018, aontaíodh an sprioc go mbeadh sciar 32% de thomhaltas fuinnimh AE ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh faoi 2030. Tá plé á dhéanamh ar an gcreat beartais don tréimhse i ndiaidh-2030.

AN BUNÚS DLÍ AGUS CUSPÓIRÍ

Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); Is é is aidhm le beartas fuinnimh AE cineálacha fuinnimh nua agus in-athnuaite a chur chun cinn agus a fhorbairt chun spriocanna an athraithe aeráide a ailíniú agus a chomhtháthú níos fearr sa dearadh nua margaidh;

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Céimeanna tosaigh

Tar éis Phaipéar Bán 1997 maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite ([COM\(1997\) 0599](#)), leag AE amach spriocanna dó féin foinsí fuinnimh in-athnuaite a úsáid (RES) chun 12% den tomhaltas fuinnimh agus 22.1% de riachtanais an tomhaltais leictreachais a chomhlíonadh faoi 2010, ar spriocanna iad lenar ghabh spriocanna táscacha do gach Ballstát mar a leagtar amach i dTreoir 2001/77/CE. Ba é a tháinig as an easpa dul chun cinn chun spriocanna 2010 a bhaint amach gur glacadh creat reachtach níos cuimsithí.

B. An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite

I mí n Nollag 2018, tháinig an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite ([Treoir \(AE\) 2018/2001](#)) i bhfeidhm mar chuid den phacáiste ‘Fuinneamh Glan do gach Eorpach’ arb aidhm dó AE a choinneáil ina cheannaire domhanda i bhfoinsí in-athnuaite agus, ar bhealach níos leithne, cabhrú le AE a ghealltanais maidir lena astaíochtaí a laghdú faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh. Bunaítear leis an treoir nua sprioc nua cheangailteach fuinnimh in-athnuaite do AE le haghaidh 2030 de 32% ar a laghad de thomhaltas deiridh fuinnimh, le clásal lena bhféadfaí athbhreithniú i dtreo ardú a dhéanamh faoi 2023.



Suíodh leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite bunaidh, arna glacadh trí chomhchinnteoireacht an 23 Aibreán 2009 (Treoir 2009/28/CE, lena n-aisghairtear Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE), nach mór do sciar éigeantach 20% de thomhaltas fuinnimh AE teacht ó RES faoi 2020. Ina theannta sin, tá ar gach Ballstát 10% dá bhreoslaí iompair a fháil ó RES faoi 2020. Leagadh amach sa Treoir freisin na sásraí éagsúla ar féidir leis na Ballstáit a chur i bhfeidhm chun a spriocanna a bhaint amach (scéimeanna tacaíochta, ráthaíochtaí tionscnaimh, comhthionscadail, comhar idir na Ballstáit agus tríú tíortha), chomh maith le critéir inbhuanaitheachta do bhithbhreoslaí.

Sainíodh dhá chóras rialála éagsúla sa treoir athbhreithnithe: deimhníodh ann spriocanna náisiúnta fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana do gach tír, agus a pointe tosaigh agus a hacmhainneacht fhoriomlán maidir le foinsí inathnuaite fuinnimh á gcur san áireamh. Téann na spriocanna sin ón sciar is ísle, 10%, i Málta go dtí an sciar is airde, 49%, sa tSualainn. Socraíonn tíortha AE conas a bheartaíonn siad na spriocanna sin a chomhlíonadh agus an treochlár ginearálta dá mbeartas fuinnimh in-athnuaite i [bPleananna náisiúnta gníomhaíochta um fhuinneamh in-athnuaite](#). Déantar dul chun cinn i dtreo na spriocanna náisiúnta a thomhas gach dhá bhliain nuair a fhoilsíonn tíortha AE [tuarascálacha um dhul chun cinn](#) san fhuinneamh in-athnuaite. Amhail ó 2021, faoin bpacáiste ‘Fuinneamh Glan do gach Eorpach’, bunaíodh leis an treoir sprioc fhoriomlán AE maidir le fuinneamh in-athnuaite le haghaidh 2030. Molfaidh Ballstáit AE a spriocanna náisiúnta fuinnimh i [bPleananna Náisiúnta don Fhuinneamh agus don Aeráid \(NECPanna\)](#) 10 mbliana. Maidir leis na pleananna sin, déanfaidh an Coimisiún, a d’fhéadfadh bearta a dhéanamh ar leibhéal AE chun a áirithiú go mbainfear amach iad agus go bhfuil siad comhsheasmhach le sprioc fhoriomlán AE, iad a mheasúnú. Déanfar dul chun cinn i dtreo na spriocanna náisiúnta a thomhas gach dhá bhliain nuair a fhoilseoidh tíortha AE a dtuarascálacha um dhul chun cinn san fhuinneamh in-athnuaite.

C. Céimeanna sa todhchaí

Rinne an Coimisiún ina theachtaireacht an 5 Meitheamh 2012 dar teideal ‘Fuinneamh in-athnuaite: príomhghníomhaí sa mhargadh fuinnimh Eorpach’ ([COM\(2012\) 0271](#)), na réimsí a shainnithint inar cheart dlús a chur le hiarrachtaí idir seo agus 2020 chun go leanfaidh táirgeadh fuinnimh in-athnuaite AE de bheith ag méadú suas go dtí 2030 agus ina dhaidh sin. I mí na Samhna 2013, thug an Coimisiún treoir bhreise maidir le scéimeanna tacaíochta don fhuinneamh in-athnuaite chomh maith le treoir bhreise maidir le sásraí comhair a úsáid chun spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach ag costas níos ísle ([COM\(2013\) 7243](#)). D’fhógair sé athchóiriú iomlán ar na fóirdheontais a lamháiltear do na Ballstáit a thairiscint don earnáil fuinnimh in-athnuaite, agus tairiscintí, préimheanna dreasachta agus oibleagáidí cuóta de rogha ar tharaifí dreasachta a úsáidtear go coitianta. Déanann Treoirlínte 2014-2020 maidir le cúnamh Stáit le haghaidh chosaint an chomhshaoil agus fuinnimh ([2014/C 200/01](#)) an creat nua do scéimeanna tacaíochta fuinnimh inathnuaite a mhúnlú tuilleadh.

Tá AE tar éis tosú d’ullmhú don tréimhse tar éis 2020, chun soiléireacht luathbheartais a sholáthar maidir le córas iar-2020 d’infheisteoirí. Tá ról lárnach ag an bhfuinneamh in-athnuaite i straitéis fhadtéarmach an Choimisiúin mar a leagtar amach i ‘dTreachlár



2050' uaidh ([COM\(2011\) 0885](#)). Léiríonn na cásanna dícharbónaithe don earnáil fuinnimh atá molta sa treochlár gur sciar 30% ar a laghad a bheidh i sciar an fhuinnimh in-athnuaite faoi 2030. Tugtar le tuiscint sa treochlár freisin, áfach, go dtiocfaidh laghdú ar fhás an fhuinnimh in-athnuaite mura ndéanfar idirghabháil bhreise. Tar éis dó Páipéar Uaine dar teideal 'Creat 2030 do bheartais aeráide agus fuinnimh' ([COM\(2013\) 0169](#)) a fhoilsiú i Márta 2013, mhol an Coimisiún, sa teachtaireacht uaidh an 22 Eanáir 2014 dar teideal 'Creat beartais maidir le haeráid agus fuinneamh sa tréimhse ó 2020 go 2030' ([COM\(2014\) 0015](#)), gan spriocanna ceangailteacha náisiúnta a athnuachan d'fhuinneamh in-athnuaite tar éis 2020. Ní fhoráiltear do sprioc éigeantach — 27% den tomhaltas fuinnimh le teacht ó RES — ach amháin ar leibhéal AE. Bíonn an Coimisiún ag súil le spriocanna gás ceaptha teasa atá ceangailteach go náisiúnta chun fás a spreagadh san earnáil fuinnimh. Tháinig dianphlé leis an gComhairle agus leis an bParlaimint mar thoradh ar an athrú treo sin.

An 30 Samhain 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún pacáiste reachtach dar teideal 'Fuinneamh glan do gach Eorpach' ([COM\(2016\) 0860](#)) mar chuid de straitéis Fuinnimh níos leithne san Aontas ([COM\(2015\) 0080](#)). Áirítear ann togra le haghaidh athmhúnlú ar an Treoir maidir le hacmhainní fuinnimh in-athnuaite (RES) a chur chun cinn ([Treoir 2018/2001](#)) chun ceannaire domhanda a dhéanamh de AE i RES agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar an sprioc sciar 27% d'fhoinsí in-athnuaite sa mhéid iomlán fuinnimh a ídeofar in AE faoi 2030. Sa togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir nua, cuirtear chun cinn freisin úsáid fuinnimh ó RES agus díritear ar ghníomhú i sé réimse éagsúla:

- Imlonnú breise ar fhoinsí in-athnuaite san earnáil leictreachais;
- Príomhshruthú foinsí in-athnuaite san earnáil téimh agus fuaraithe;
- An earnáil iompair a dhícharbónú agus a éagsúlú (agus sprioc 14 % ar a laghad den tomhaltas iomlán fuinnimh san iompar le haghaidh 2030);
- Custaiméirí a chumasú agus a chur ar an eolas;
- Critéir inbhuanaitheachta AE do bhithbhreoslaí a neartú;
- A dheimhniú go mbainfeadh amach an sprioc cheangailteach ar leibhéal-AE in am agus ar bhealach cost-éifeachtach.

Rinneadh an togra athmhúnlaithe den Treoir maidir le hacmhainní fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, arna leasú ag an gCoiste um Thionsclaíocht, um Taighde agus um Fhuinneamh agus an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, a chomhaontú go sealadach an 14 Meitheamh 2018. Leis an gcomhaontú, leagadh síos sprioc cheangailteach AE 32% do RES faoi 2030. Maidir leis an earnáil iompair, leagadh síos leis an gcomhontú sprioc 14% RES faoi 2030 agus cion 3.5% de bhithbhreoslaí forbartha agus de bhithghás (1% faoi 2025). Ina theannta sin, leis an gcomhaontú, cuireadh uasteorainn 7% ar sciar na mbithbhreoslaí den chéad ghlúin san iompar ar bhóithre is ar iarnróid, agus beartaítear leis an gcomhaontú úsáid na hola pailme (agus bithbhreoslaí ó bhia a mhéadaíonn astaíochtthaí CO₂) a chéimniú amach faoi 2030 trí scéim deimhniúcháin. Neartaíodh cearta tomhaltóirí i leith féintomhaltas RES, beidh 'bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh' ina phrionsabal treorach, agus tugadh isteach méadú bliantúil 1.3% do RES i dtéamh agus fuarú. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go foirmiúil an Treoir



athbhreithnithe maidir le Fuinneamh Inathnuaite ([Treoir \(AE\) 2018/2001](#)) i mí na Nollag 2018 .

D. Beartais Tacaíochta

Tá i measc phríomhchuspóirí straitéis an Aontais fuinnimh an bonneagar leictreachais a chur in oiriúint d'úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh ar mhórskála (féach freisin: [2.4.7](#) — Beartas Fuinnimh), agus tá tacaíocht bhreise á fáil aige i dTreochlár Fuinnimh 2050 agus sa Phacáiste Bonneagair Fuinnimh: (féach freisin: [2.1.9](#) — an Margadh Inmheánach Fuinnimh: Is ceann de phríomhghnéithe an Phlean Straitéisigh Eorpaigh um Theicneolaíocht Fuinnimh nó Plean-SET é nuaghlúin de theicneolaíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn agus a fhorbairt (féach freisin: [2.4.7](#) — an Beartas Fuinnimh:

E. Saincheisteanna acmhainn-sonracha

1. Bithmhais agus bithbhreoslaí

Faoi láthair, tá dhá sprioc ag AE le haghaidh bithbhreoslaí, mar atá 10% de na breoslaí iompair a fhoinsiú ó RES faoi 2020 (an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite ([2009/28CE](#)) agus a cheangal ar sholáthraithe breosla laghdú 6% a dhéanamh ar dhéine ghás ceaptha teasa a mbreoslaí faoi 2020 (an Treoir maidir le Cáilíocht Bhreosla ([2009/30/CE](#))). Ina theachtairacht an 22 Eanáir 2014 dar teideal 'creat beartais maidir le haeráid agus fuinneamh don tréimhse ó 2020 go 2030' ([COM\(2014\) 0015](#)), mhol an Coimisiún deireadh a chur leis an dá sprioc sin tar éis 2020. Tá baint ag an athrú sin leis an éiginnteacht i dtaobh conas éifeacht indéireach astaíochtaí ar an athrú ar úsáid-talún a bhaineann le bithbhreoslaí a íoslaghdú.

In 2015, rinneadh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus an Treoir maidir le Cáilíocht Bhreosla chun aitheantas a thabhairt don tionchar diúltach atá ag táirgeadh bithbhreosla ar an gcomhshaol maidir leis an athrú indéireach ar úsáid talún agus astaíochtaí gás ceaptha teasa gaolmhara, agus chun an tionchar sin a mhaolú^[1]. Dá réir sin, maidir leis an sciar fuinnimh ó bhithbhreoslaí a tháirgtear ó ghránbharra agus ó bharrá stáirse-shaibhre, siúcraí agus barra ola agus ó bharrá eile a fhástar mar phríomhbharra chun críocha fuinnimh ar thalamh talmhaíochta, níor cheart é a bheith níos mó ná 7% de thomhaltas deiridh fuinnimh in iompar sna Ballstáit in 2020.

Tar éis dó na critéir neamhcheangailteacha maidir le bithmhais a fhoilsiú i mí Feabhra 2010 ([COM\(2010\) 0011](#)), chinn an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta chun meastóireacht a dhéanamh ar a rathúla a bhí a mholtaí bunaidh agus chun a shuí an mbeadh gá le caighdeáin éigeantacha sa todhcháí. I dtogra Mhí na Samhna 2016 ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le Fuinneamh athbhreithnithe ([COM\(2016\) 0767](#)), áirítear critéir inbhuanaitheachta nuashonraithe maidir le bithbhreoslaí a úsáidtear in iompar agus i mbithleachtanna agus breoslaí bithmhaise soladacha agus gásacha a úsáidtear le haghaidh teasa agus cumhachta. Áirítear fospríoc 3% le haghaidh bithbhreoslaí ardfhorbartha. Cé go gcoimeádtar an uasteorainn reatha 7% ar bhithbhreoslaí den chéad ghlúin, tugtar isteach oibleagáid ar leibhéal AE do sholáthraithe breosla sciar áirithe (6.8%) de bhreoslaí íseal-astaíochta

[1] Treoir (AE) 2015/1513 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leasaítear Treoir 98/70/EC a bhaineann le cáilíocht peitрил agus breoslaí díosail agus lena leasaítear Treoir 2009/28/EC maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 239, 15.9, Ich. 1).



agus in-athnuaite, agus fairsingiú ar raon feidhme chritéir inbhuanaitheachta AE le haghaidh bithfhuinnimh (chun bithmhais agus bithghás a chlúdach le haghaidh téimh agus fuarú agus giniúint leictreachais).

2. Fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh aigéin

I gcomhthéacs an dara hathbhreithniú fuinnimh a rinneadh i mí na Samhna 2008, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht an 13 Samhain 2008 dar teideal 'Fuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta: An ghníomhaíocht is gá chun Cuspóirí an Bheartais Fuinnimh a chomhlíonadh do 2020 agus ina dhiaidh sin ([COM\(2008\) 0768](#)), arb é is aidhm di forbairt fuinnimh mhuirí agus fuinnimh gaoithe amach ón gcósta in AE a chur chun cinn.

An 20 Eanáir 2014, leag an Coimisiún amach plean gníomhaíochta chun tacú le forbairt fuinnimh aigéin, lena n-áirítear an fuinneamh a ghintear trí thonnta, cumhacht na taoide, tiontú fuinnimh theirmigh agus cumhacht ghrádáin salainn (ina theactaireacht dar teideal 'Fuinneamh Gorm: An ghníomhaíocht is gá chun acmhainneacht an fhuinnimh aigéin i bhfarraigí agus aigéin na hEorpa faoi 2020 agus ina dhiaidh sin a chomhlíonadh' ([COM\(2014\) 0008](#))).

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá tacaíocht tugtha go comhsheasmhach ag an bParlaimint d'úsáid RES agus tá béim leagtha aici ar a thábhachtaí atá sé spriocanna éigeantacha a leagan síos do 2020^[2] agus, níos déanaí, do 2030. I mí Feabhra 2014, ghlac sí rún^[3] ina gcáinte na moltaí a rinne an Coimisiún maidir le creat aeráide agus fuinnimh 2030 mar mholtaí gearradharcacha agus neamh-uailmhianacha. D'iarr sí go mbeadh sciar ceangailteach d'fhoinní in-athnuaite fuinnimh ann i dtomhaltas fuinnimh ar leibhéal AE, ar sciar é a bheidh le cur i bhfeidhm trí spriocanna aonair a bheidh ceangailteach go náisiúnta, agus go gcuirfí fad leis na spriocanna breosla iompair tar éis 2020.

Sa bhreis air sin, d'iarr an Pharlaimint san am a caitheadh go gcuirfí córas dreasachtaí ar fud AE ar bun do RES san fhadtéarma^[4], agus í ag moladh freisin tacaíocht a thabhairt do theicneolaíocht eangacha cliste^[5]. D'iarr sí go minic ar an gCoimisiún freisin creat dlíthiúil a mholadh don téamh agus don fhuarú in-athnuaite d'fhonn a sciar den táirgeadh fuinnimh a mhéadú.

Nuair a ghlac sí an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, rinne an Pharlaimint roinnt sásraí a neartú agus a shoiléiriú, agus córas nua á thabhairt isteach aici freisin chun ráthú níos cuimsithí a dhéanamh ar inbhuanaitheacht chomhshaoil an bheartais iomláin. Go háirithe, bhí ról suntasach ag an bParlaimint sna nithe seo a leanas:

[2]Rún ón bParlaimint an 29 Meán Fómhair 2005 maidir le sciar fuinnimh in-athnuaite in AE agus moltaí le haghaidh gníomhaíocht choincréiteach (IO C 227 E, 21.9.2006 Ich. 599), an 14 Feabhra 2006 maidir le teas agus fuarú ó fhoinní in-athnuaite fuinnimh (IO C 290E, 29.11.2006, Ich. 115), an 14 Nollaig 2006 maidir le straitéis do bhithmhais agus bithbhreoslaí (IO C317E, 23.12.2006, Ich. 890), agus an 25 Meán Fómhair 2007 maidir leis an Treochlár don Fuinneamh In-athnuaite san Eoraip (IO C 219 E, 28.8.2008, Ich. 82).

[3]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Feabhra 2014 maidir le creat do 2030 do bheartais aeráide agus fuinnimh (IO C 93 E, 24.3.2017, Ich. 79).

[4]Rún ón bParlaimint an 25 Samhain 2010 dar teideal 'I dTreo Straitéis Fuinnimh nua don Eoraip 2011-2020' (IO C 99 E, 3.4.2012, Ich.64).

[5]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2011 maidir le tosaíochtaí maidir le bonneagar fuinnimh do 2020 nó tar éis sin (IO C 33 E 5.2.2013, Ich 46).



- Coinníollacht sprioc in-athnuaite an bhreosla iompair a shainiú trí chritéir inbhuanaitheachta chainníochtúla agus cháilíochtúla a leagan síos do bhithbhreoslaí (inbhuanaitheacht shóisialta, cearta úsáide talún, éifeachtaí ar shlándáil agus ar phraghsanna bia, etc.), ag díriú go háirithe ar na fadhbanna a bhaineann le hathrú indíreach um úsáid talún;
- Rochtain ag fuinneamh in-athnuaite ar bhonneagar eangaí leictreachais a áirithiú;
- Ról chlásal athbhreithnithe 2014 a theorannú chun athchaibidliú ar na spriocanna ceangailteacha a sheachaint.

I mí an Mhárta 2013, thacaigh an Pharlaimint le Treochlár Fuinnimh 2050^[6] agus d'iarr sí ar an gCoimisiún creat beartais 2030 a thíolacadh a luaithe is féidir, lena n-airítear clocha míle agus spriocanna d'astaíochtaí gás ceaptha teasa, don fhuinneamh in-athnuaite agus don éifeachtúlacht fuinnimh. Ina rún, leagadh béim go háirithe ar thábhacht creataí rialála cobhsaí chun infheistíocht a spreagadh i bhfuinneamh in-athnuaite, an gá le cur chuige níos Eorpaí maidir le beartas fuinnimh in-athnuaite agus lántairbhe á baint as na socrúithe comhair atá ann cheana féin, agus as an ról ar leith a bheidh ag giniúint dháilte agus ag micrighiniúint. D'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún anailís agus moltaí a chur isteach maidir le conas RES a úsáid go hinbhuanaitheach agus le níos mó éifeachtúlachta in AE.

I mí an Mheithimh 2016, ghlac an Pharlaimint rún^[7] maidir leis an tuarascáil um dhul chun cinn an fhuinnimh in-athnuaite. Iarradh ar an gCoimisiún sa tuarascáil sin pacáiste aeráide agus fuinnimh níos uailmhianaí a chur i láthair do 2030, rud a mhéadaíonn spriocanna AE do RES go dtí 30% ar a laghad, agus ar pacáiste é a bheidh le cur chun feidhme trí spriocanna náisiúnta aonair. Ní mór na spriocanna a comhaontaíodh cheana féin le haghaidh 2020 a ghlacadh mar bhunlíne íosta nuair a dhéanfar athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite. An 17 Eanáir 2018, thacaigh an Pharlaimint le sciar 35 % ar a laghad den fhuinneamh go léir a thiocfaidh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh faoi 2030^[8] agus threisigh sí le huath-ídiú leictreachais mar cheart.

I mí na Samhna 2016, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh athmhúnlú ar an Treoir maidir le hacmhainní fuinnimh in-athnuaite (RES). Leis an gcomhaontú, leagadh síos sprioc cheangailteach AE 32% do RES faoi 2030. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an téacs go foirmiúil i mí na Nollag 2018 ([Treoir \(AE\) 2018/2001](#)). Ní mór do na Ballstáit an treoir athbhreithnithe a thrasú ina dlí náisiúnta faoin 30 Meitheamh 2021. Gabhfaidh éifeacht leis an treoir athbhreithnithe ón 1 Iúil ar aghaidh.

I mí Eanáir 2020, ghlac an Pharlaimint rún^[9] maidir leis an 'gComhaontú Glas don Eoraip', arna chur i láthair ag an gCoimisiún i mí na Nollag 2019. Rinne an Pharlaimint sraith moltaí, lena n-áirítear fuinneamh glan, inacmhainne agus slán a sholáthar. Ar an ábhar sin, d'iarr sí go ndéanfaí athbhreithniú ar an treoir maidir le foinsí fuinnimh in-

[6]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2013 maidir le Treochlár Fuinnimh 2050, todhchaí lena ngabhann fuinneamh (IO C 36 29.1.2016, lch 62).

[7]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2016 maidir leis an tuarascáil um dhul chun cinn fuinnimh in-athnuaite (IO C 91, 9.3.2018, lch. 16).

[8]<http://www.europarl.europa.eu/news/ga/press-room/20180112IPR91629/meps-set-ambitious-targets-for-cleaner-more-efficient-energy-use>

[9]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (Téacsanna a glacadh, [P9_TA\(2020\)0005](#)).



athnuaite agus go socrófaí spriocanna náisiúnta ceangailteacha do gach Ballstát, agus mhol sí gur cheart ‘prionsabal na tosaíochta don éifeachtúlacht fuinnimh’ a chur chun feidhme i ngach earnáil agus i ngach réimse beartais.

Matteo Ciucci
02/2020

